

Ceantar Cathrach na Gaillimhe

Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2025



Ár bhfís maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht



Cllr. Mike Cubbard
Méara Chathair
na Gaillimhe

Mar Mhéara Chathair na Gaillimhe, tá lúcháir orm fáilte a chur roimh dhara hInnéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach na Gaillimhe.

Sa tuarascáil seo, úsáidtear taighde neamhspleách agus sonraí láidre chun fiúntas an taistil ghníomhaigh a léiriú. Leagtar amach inti an dóigh a ngineann siúl, rothlú agus rothaíocht €171.1m i sochar eacnamaíoch do Cheantar Cathrach na Gaillimhe, agus cosc á chur ar 278 riocht sláinte fadtéarmach tromchúiseach gach bliain. Tá sé sin thar a bheith suntasach do Ghailimh agus dá muintir, agus léirítear leis an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar nua taistil ghníomhach agus iompair inbhuanaithe.

Tugtar chun suntais sa tuarascáil freisin an mhian láidir atá ag daoine anseo tuilleadh infheistíochta a fheiceáil i dtaisteal gníomhach. Mar Mhéara, tá áthas orm an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas a fheiceáil, lena n-áirítear na tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil ag Bóthar Theas Dhabhach Uisce, Droichead Wolfe Tone, Eglinton Canal agus Droichead Wolfe Tone. Le tacaíocht ó chomhpháirtithe um maoiniú lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí, soláthrófar níos mó bonneagar ardchaighdeán go luath freisin gceantair eile den chathair, mar aon le saoráidí bus agus traenach feabhsaithe.

Cuideoidh sé sin go léir le Gaillimh a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, rud a rachaidh chun tairbhe do chónaitheoirí, dóibh siúd a oibríonn anseo, agus do chuiditheoirí go ceann na mblianta.



Cllr. David Collins
Cathaoirleach
Comhairle Contae
na Gaillimhe

Mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, tá áthas orm an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta a chur i láthair.

Tugtar léargas luachmhar sa tuarascáil seo ar iompraíochtaí agus peirspictíochtaí na gcónaitheoirí in Órán Mór, Baile Chláir agus Bearna maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht. Soláthraítear inti léargas soiléir den infheistíocht agus den bhonneagar is mian lenár bpobail a fheiceáil agus tugtar aird inti ar dheiseanna chun planáil níos éifeachtaí a dhéanamh don todhchaí.

Tá bearta tábhachtacha déanta ag Comhairle Contae na Gaillimhe, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear trasrian coisithe nua in Órán Mór agus an tionscadal Bealaí Sábháilte chun na Scoile do thrí scoil.

Táimid ag tnúth le húsáid a bhaint as an innéacs sin chun ár bpleananna a threorú agus Gaillimh níos sona agus níos sláintiúla a chruthú a neartaíonn pobail agus a thacaíonn le gnólachtaí áitiúla.

Clár na nÁbhar

Ceannlínte	4
Siúl agus rothlú	6
Rothaíocht	8
Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú	10
Tairbhí na rothaíochta	12
Réitigh siúil agus rothlaithe	14
Réitigh rothaíochta	16
Réitigh chomharsanachta	18
An ceantar a fhorbairt	20
Ag breathnú chun cinn	22



An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is é an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta an measúnú is mó atá déanta maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ba é Walk Wheel Cycle Trust (Sustrans roimhe seo) a rinne é i gcomhar le 22 comhpháirtí réigiúnach agus áitiúil. Tuairiscíonn gach ceantar ar an dul chun cinn atá déanta maidir bealach laethúil níos mealltaí chun taisteal a dhéanamh den siúl, den rothlú agus den rothaíocht.

Tugann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuairisc gach dhá bhliain. Seo an dara tuarascáil ó Cheantar Cathrach na Gaillimhe, arna soláthraíodh i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Tá na sonraí sa tuarascáil seo ó 2025 agus áirítear leo sonraí áitiúla faoi shiúl, rothlú agus rothaíocht, agus suirbhé neamhspleách, ionadaíoch ó thaobh déimeagrafach de, ar 1,112 cónaitheoir 16 bliana d'aois nó níos sine. Rinneadh an suirbhé ó Aibreán go Lúnasa 2025. Rinne an cuideachta taighde margaidh neamhspleách Ipsos B&A an suirbhé, atá ionadaíoch de gach uile chónaitheoir, ní hamháin na cónaitheoirí a shiúlann, a rothlú nó a rothaíonn.

Tá comparáidí curtha chun áireamh againn tríd an tuarascáil seo le sonraí 2023 i gcás ina raibh siad ar fáil.

Gabhaimid ár mbuíochas le muintir Cheantar Cathrach na Gaillimhe a ghlac páirt sa suirbhé agus a roinn a gcuid scéalta linn.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi na tuarascálacha uile agus uirlis sonraí idirghníomhach chun iniúchadh níos cuimsithí a dhéanamh ar na sonraí a fháil ag www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index




Rothlú a shainiú

B'fhéidir nach n-úsáidfeadh daoine áirithe a úsáideann cathaoir rothaí nó scútar soghluaisteachta an téarma 'siúl' maidir leo féin agus b'fhéidir gur fearr leo an téarma 'rothlú' a úsáid. Úsáidimid na téarmaí 'siúl' agus 'rothlú' le chéile lena chinntiú go bhfuilimid chomh cuimsitheach agus is féidir.

Ceantar Cathrach na Gaillimhe

Daonra^[i]
102,107

84,066 duine fásta
18,041 leanbh




Minicíocht na modhanna taistil éagsúla

Is iad siúl agus rothlú na modhanna taistil is coitianta i measc chónaitheoirí Cheantar Cathrach na Gaillimhe. Ó 2023 i leith, tá méadú tagtha ar shiúl agus rothlú.

i. Daonáireamh POS 2022. Is é sin an ceann is déanaí atá ar fáil do Cheantar Cathrach na Gaillimhe.

Cónaitheoirí a thaistealaíonn ar na modhanna seo a leanas cúig lá nó níos mó sa tseachtain sa cheantar



ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir i gcarr, veain nó gluaisrothar.

Ní rannpháirtíocht sa siúl, rothlú agus rothaíocht mar an gcéanna

Bíonn éagsúlacht mhór idir grúpaí éagsúla i roghanna taistil na gcónaitheoirí agus a dtuairimí maidir le siúl, rothlú agus rothaíocht.

Siúlann nó rothlaíonn

67%

de chónaitheoirí cúig lá sa tseachtain ar a laghad

Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad^[iii]

69% de mhná

65% d'fhir

Rothaíonn

21%

de chónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad

Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad

15% de mhná

28% d'fhir

Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ina gcomharsanacht

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

77% de dhaoine faoi mhíchumas

87% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

65% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

35% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta^[iv]

95% den ghrúpa socheacnamaíoch DE

91% den ghrúpa socheacnamaíoch AB

iii. Féach an fonóta ar leathanach 6.

iv. Baineann grúpaí socheacnamaíocha AB le bainistíocht agus baineann grúpaí DE le gairmeacha láimhe, mná tí agus na daoine nach bhfuil i bhfostaíocht. Féach leathanach 6 chun sainmhínte iomlána a fháil.

Baineann gach duine tairbhe as nuair a shiúlann, a rothlaíonn agus a rothaíonn níos mó daoine

Bunaithe ar shamhaltú sonraí suirbhé, gach bliain, siúl, rothlú agus rothaíocht.

cuirtear cosc ar

278

riocht sláinte
tromchúiseach fadtéarmacha

cruthaítear

€171.1 milliún

i sochar eacnamaíoch do dhaoine
aonair agus don cheantar

sábháiltear

4,000 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa

Laghdaíonn siúl, rothlú agus rothaíocht brú tráchta trí suas le 23,000 carr a bhaint de na bóithre gach lá.

Ba mhaith le cónaitheoirí dul ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht níos mó

Céatadán na gcónaitheoirí
ar mhaith leo úsáid níos
mó nó níos lú a bhaint as
cineálacha éagsúla iompair
amach anseo:

Ba mhaith le 13% de
chónaitheoirí níos lú tiomána a
dhéanamh. Aontaíonn 71% de
chónaitheoirí go n-úsáideann
siad carr go minic toisc nach
bhfuil aon roghanna iompair
eile ar fáil.

Siúl nó rothlú

44% níos mó



2% níos lú



Rothaíocht

38% níos mó



1% níos lú



Dul ar iompar poiblí

27% níos mó



5% níos lú



Tiomáint

19% níos mó



13% níos lú



Meastar go bhfuil rothaíocht níos lú sábháilte ná cineálacha eile iompair

Cion na gcónaitheoirí a
cheapann go bhfuil sé
sábháilte ina gceantar
áitiúil chun:

86% chun siúl nó rothlú



45% chun rothaíocht



88% iompar poiblí a úsáid



86% chun tiomáint



Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí níos ceangailte

Tacaíonn 73% de chónaitheoirí le hinfheistíocht a aistriú ó scéimeanna tógála bóithre go siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú. Tá 15% i gcoinne aistriú dá leithéid.

Tacaíonn 82% leis



Tá 11% ina choinne



stop a chur le feithiclí a pháirceáil
ar an gcósán

Tacaíonn 91% leis



Tá 3% ina choinne



cosáin siúil, rothlaithe agus
rothaíochta eisbhóthair agus a
fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn 91% leis



Tá 2% ina choinne



rochtain siúil, rothlaithe agus
rothaíochta chuig stadanna bus
agus stáisiúin chóiste nó iarnróid
a fheabhsú

Tacaíonn 86% leis



Tá 7% ina choinne



luasteorainneacha a laghdú,
pointí trasnaithe a fheabhsú
agus cosáin rothaíochta
cosanta a thabhairt isteach i
gcomharsanachtaí scoile

Tacaíonn 65% leis



Tá 24% ina choinne



sráideanna cónaithe lasmuigh
de scoileanna a dhúnadh do
charranna le linn amanna fágála
agus bailithe

Tacaíonn 76% leis



Tá 13% ina choinne



siopaí, scoileanna, spás glas agus
iompar poiblí a bheith laistigh de
shiúl nó rothlú gairid óna dteach^(v)

v. Is minic a thugtar comharsanachtaí 20 nóiméad ar áiteanna áitiúla a bhfuil seirbhísí agus saoráidí gar do do theach iontu.

Siúl agus rothlú

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht



Rannpháirtíocht i siúl agus i rothlú

I gCeantar Cathrach na Gaillimhe ar an iomlán, tá méadú tagtha ar líon na gcónaitheoirí a shiúlann agus a rothlaíonn cúig lá ar a laghad sa tseachtain ó 2023 i leith.

Is ábhar misnigh é go mothaíonn formhór na gcónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil agus ceapann siad gur áit mhaith é chun dul ag siúl nó ag rothlú.

Siúlann nó rothlaíonn

97%

de na cónaitheoirí uile

93% in 2023

Siúlann nó rothlaíonn

67%

de na cónaitheoirí ar fad cúig lá sa tseachtain ar a laghad

60% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a shiúlann nó a rothlaíonn cúig lá sa tseachtain ar a laghad

Inscne^[i]

69% de mhná

64% in 2023

65% d'fhir

57% in 2023

Eitneacht

71% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

69% in 2023

66% de dhaoine geala

59% in 2023

Aois

79% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

77% in 2023

70% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois

59% in 2023

59% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois

55% in 2023

54% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois

57% in 2023

71% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois

54% in 2023

65% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

50% in 2023

Míchumas

50% de dhaoine faoi mhíchumas

41% in 2023

68% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

62% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch^[ii]

70% de AB

57% in 2023

71% de C1

61% in 2023

58% de C2

57% in 2023

67% de DE

67% in 2023

i. Bhí méid an tsampla do fhreagróirí a chur a n-inscne in iúl 'ar bhealach eile' ró-iseal le bheith suntasach ó thaobh staidrimh de agus ní thaispeántar é.

ii. Is aicmiú bunaithe ar shlí bheatha é grúpa socheacnamaíoch a choinníonn an Cumann Taighde Margaidh. Is grúpaí gairmiúla agus bainistíochta iad grúpaí A agus B. Baineann Grúpa C1 le maoirseacht/cléireach agus mic léinn. Baineann Grúpa C2 le hobair láimhe oilte. Baineann Grúpaí D agus E gairmeacha láimhe leathoilte agus neamhoilte, mná tí agus daoine nach bhfuil i bhfostaíocht.

Sábháilteacht agus sástacht maidir le siúl agus rothlú

Ceapann

86%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

85% in 2023

Ceapann

72%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte do leanaí siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

73% in 2023

Ceapann

88%

de na cónaitheoirí go léir go bhfuil a gceantar áitiúil ina áit mhaith ar an iomlán le siúl nó le rothlú

89% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothlú ina gceantar áitiúil

Inscne

86% de mhná



85% in 2023

87% d'fhir



86% in 2023

Eitneacht

89% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha



94% in 2023


86% de dhaoine geala



84% in 2023

Aois

90% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois



89% in 2023

90% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois



88% in 2023

85% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois



84% in 2023

82% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois



87% in 2023

84% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois



79% in 2023

83% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine



81% in 2023

Míchumas

77% de dhaoine faoi mhíchumas



79% in 2023

87% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas



86% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

85% de AB



81% in 2023

86% de C1



86% in 2023

89% de C2



87% in 2023

86% de DE



86% in 2023



Cloe Benson

A bhuí le dlúth-leagan amach Chathair na Gaillimhe, tá sé éasca dul timpeall uirthi de shiúl na gcos. Cé go bhféadfadh moilleanna sealadacha a bheith mar thoradh ar an méadú ar thrácht coisithe i rith an tsamhraidh, mar gheall ar an turasóireacht go minic, le bonneagar na cathrach, tugtar tús áite do dhaoine atá ag siúl seachas do charranna. Tá go leor de na sráideanna do choisithe amháin, agus mar sin tá an turas sábháilte. Mar gheall ar dhroichid agus ar thrasrianta nua le blianta beaga anuas chomh maith, tá sé níos éasca ar an iomlán siúl timpeall na cathrach.

Tá cosán ar a bhfuil dea-bhail i Maigh Cuilinn, mo shráidbhaile áitiúil, a fheidhmíonn mar chosán rothaíochta freisin (cé nach mbaintear mórán úsáid as, ar an drochuair). Tá solas maith ar an gcosán soilsithe, rud a chinntíonn rochtain shábháilte agus áisiúil do choisithe de gach aois agus ag am ar bith den lá.

Rothaíocht

Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht



Rannpháirtíocht rothaíochta

Rothaíonn díreach os cionn cúigiú de na cónaitheoirí uair amháin sa tseachtain ar a laghad.

Is í sábháilteacht, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta, an bac is mó ar rothaíocht.^[i]

Tá Ceantar Cathrach na Gaillimhe ag obair chun spás sábháilte, tiomnaithe a sholáthar do rothaíocht.

Rothaíonn

29%

de na cónaitheoirí ar fad

28% in 2023

Rothaíonn

21%

de na cónaitheoirí ar fad uair amháin sa tseachtain ar a laghad

20% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a rothaíonn uair amháin sa tseachtain ar a laghad

Inscne

15% de mhná

15% in 2023

28% d'fhir

25% in 2023

Eitneacht

13% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

9% in 2023

23% de dhaoine geala

21% in 2023

Aois

35% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois

31% in 2023

19% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois

17% in 2023

18% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois

21% in 2023

25% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois

22% in 2023

16% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois

16% in 2023

6% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine

7% in 2023

Míchumas

1% de dhaoine faoi mhíchumas

11% in 2023

22% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

21% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

20% de AB

23% in 2023

24% de C1

19% in 2023

25% de C2

22% in 2023

14% de DE

17% in 2023

i. Féach tuarascálacha Bike Life 2019 (cathracha éagsúla).

Sábháilteacht agus sástacht maidir le rothaíocht

Ceapann

45%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte siúl nó rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

57% in 2023

Ceapann

36%

de na cónaitheoirí go bhfuil sé sábháilte do leanaí rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

49% in 2023

Ceapann

47%


de na cónaitheoirí go léir go bhfuil a gceantar áitiúil ina áit mhaith ar an iomlán le rothaíocht a dhéanamh

63% in 2023

Cion na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sé sábháilte rothaíocht a dhéanamh ina gceantar áitiúil

Inscne

40% de mhná



55% in 2023

51% d'fhir



59% in 2023

Eitneacht

53% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha



79% in 2023

43% de dhaoine geala



54% in 2023

Aois

65% de dhaoine idir 16 agus 25 bliain d'aois




65% in 2023

53% de dhaoine idir 26 agus 35 bliain d'aois




60% in 2023

41% de dhaoine idir 36 agus 45 bliain d'aois




60% in 2023

28% de dhaoine idir 46 agus 55 bliain d'aois




54% in 2023

36% de dhaoine idir 56 agus 65 bliain d'aois



46% in 2023


35% de dhaoine 66+ bliain d'aois agus níos sine



49% in 2023


Míchumas

30% de dhaoine faoi mhíchumas



49% in 2023


46% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas



58% in 2023

Grúpa socheacnamaíoch

39% de AB



49% in 2023

47% de C1




59% in 2023

50% de C2



64% in 2023

42% de DE



54% in 2023



Peter O'Connor

Téim ag rothaíocht le mo chuid leanaí chun na scoile gach maidin agus ansin leanann mé ar aghaidh go dtí an stáisiún traenach in Órán Mór. Is bealach álainn é chun tús a chur leis an lá le chéile. D'fhéadfadh sé a bheith beagáinín deacair bheith ag rothaíocht tríd an sráidbhaile – bíonn na bóithre gnóthach le linn amanna fágála scoile, agus tá an spás do rothair taobh le carranna teoranta.

Cé go bhfuil cúpla lána rothaíochta ann, tá siad sách scaipthe, agus dhéanfaidh líonra rothaíochta níos ceangailte difríocht mhór. Ba bhreá liom dá mbeadh an tsaoirse agus an mhuinín ag mo leanaí dul ag rothaíocht ar scoil leo féin lá éigin.

Na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú


An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a shiúlann nó a rothaíonn níos mó daoine

Le chéile, siúlann nó rothlaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach na Gaillimhe 7 n-uaire timpeall an domhain gach lá


Feabhsaíonn siúl agus rothaíocht sláinte agus cáilíocht an aeir, sábhálann sé airgead do FSS, agus laghdaíonn sé an brú tráchta.

Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra

38.8 milliún turas in 2025 ar 108.5 milliún ciliméadar ar fad iad



42.2 milliún turas in 2023 ar 101.8 milliún ciliméadar ar fad iad



D'athraigh na foinsí sonraí a úsáidtear chun turais scoile a shamhaltú ag leanaí idir 2023 agus 2025.

Níl na torthaí seo inchomparáide go díreach, féach le do thoil ar an bpáipéar modheolaíochta le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tairbhíonn siúl agus rothlú do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais siúil agus rothlaithe, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é

€146.9 milliún

an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile a shiúlann agus a rothlaítear i gCeantar Cathrach na Gaillimhe.

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh taitnimh nó aclaíochta san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le siúl agus rothlú i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.19** in aghaidh gach ciliméadair a shiúlann nó rothlaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágfar gurb é sin **€17 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **14.3 milliún ciliméadar** a shiúlann nó a rothlaigh daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre. Féach ar an tuarascáil um modheolaíocht chun sonraí a fháil.




Nochtann siúl agus rothlú tairbhí sláinte do chách

Cuireann siúl sa cheantar cosc ar 241 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

210 in 2023

Cásanna ar a cuireadh cosc



Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'ríochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíochta coirp ó shiúl

cosc ar 53 bás luath gach bliain

49 in 2023

a bhfuil luach

€400 milliún air

€380 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le siúl trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha siúil a mheas. Déantar turais i gcathaoirí rothaí agus scútar soghluaisteacha a shamhaltú mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Sábhalann sé sin

€3.1 milliún in aghaidh

na bliana do FSS

€2.8 milliún in 2023

Coibhéiseach le costas

51,000 ar choinní dochtúra teaghlaigh

50,000 in 2023

Feabhsaíonn daoine a shiúlann agus a rothlaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáilíocht an aeir, rud a shábhálann:

7,900 kg de NO_x

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

14,000 kg in 2023

agus

545 kg de cháithníní

(PM₁₀, lena gcuimsítear PM_{2.5}) gach bliain.

988 kg in 2023

Aontaíonn 95% de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



92% in 2023

Cuidíonn siúl agus rothlú le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith ag siúl nó rothlú in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhalann cónaitheoirí

2,400 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain.

4,900 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

22,000 duine ag dul ar eitiltí

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain 21.5% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitрил agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú 129.4% ar astaíochtaí iompair.^[i]

i. An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

Coinníonn siúl agus rothlú an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.^[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

20,000 turais fillte

a shiúl agus a rothlú gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

26,000 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

94 ciliméadar

arb é sin coibhéis an achair ó Chathair na Gaillimhe go Baile Átha Luain.

125 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.


An fáth a dtairbhíonn sé do chách nuair a rothaíonn níos mó daoine

Le chéile, rothaíonn cónaitheoirí Cheantar Cathrach na Gaillimhe timpeall an domhain dhá uair gach lá


Is féidir le rothaíocht a bheith áisiúil do go leor turas áitiúil, go háirithe i gcathracha agus i mbailte. Tugann sé rogha iompair do dhaoine agus rochtain ar oideachas, ar phoist agus ar phobal.

Turais rothaíochta bhliantúla de réir cuspóra

5.3 milliún turas in 2025 ar 25 milliún ciliméadar ar fad iad



4.1 milliún turas in 2023 ar 18.9 milliún ciliméadar ar fad iad



D'athraigh na foinsí sonraí a úsáidtear chun turais scoile a shamhaltú ag leanaí idir 2023 agus 2025. Níl na torthaí seo inchomparáide go díreach, féach le do thoil ar an bpáipéar modheolaíochta le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tairbhíonn rothaíocht do chónaitheoirí agus don tsochaí

Déanaimid samhaltú ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le turais rothaíochta, lena n-áirítear na cinn a chuirtear in ionad turas a bhféadfadh tiomáint a bheith i gceist leo, ag baint úsáid as ár samhail Tairbhí Sochaíocha. Áirítear leis sin am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, sochair sláinte, cáilíocht an aeir agus cánachas.

Is é

€24.2 milliún

an tairbhe eacnamaíoch bhliantúil iomlán ó na turais uile ar rothar i gCeantar Cathrach na Gaillimhe.

Ba iad daoine a raibh rochtain acu ar charr a rinne go leor de na turais sin. Maidir leo sin (gan turais le haghaidh caitheamh aimsire san áireamh), lenár samhail, cuirtear na costais agus na tairbhí a bhaineann le rothaíocht i gcomparáid leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint.

Maidir leis na turais sin, sábhálfar **€1.67** in aghaidh gach ciliméadair a rothaítear seachas a thiomáintear. I gcaitheamh bliana, fágtar gurb é sin **€15.6 milliún** i dtairbhe eacnamaíoch do chónaitheoirí agus don tsochaí ó **9.4 milliún ciliméadar** a rothaíonn daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Tá difríocht bheag idir na meastacháin i samhail 2023 sa tuarascáil seo agus na cinn a foilsíodh in 2023, mar gheall ar athríomhadh iad chun turais rothaíochta san áireamh mar chuid den obair agus ag baint úsáid as sonraí ionchuir ó fhoinsí níos láidre.




Nochtann rothaíocht tairbhí sláinte do chách

Cuireann rothaíocht sa cheantar cosc ar 38 riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain.

30 in 2023

Cásanna ar a cuireadh cosc



Tá na figiúirí thuas bunaithe ar shonraí ceantair a chur i bhfeidhm ar uirlis MOVES Sport England, a thaispeánann an toradh ar infheistíocht i sláinte spóirt agus gníomhaíochta coirp. Áirítear le 'ríochtaí eile' diaibéiteas cineál 2, stróc, ailse cíche agus ailse cholaireicteach.

Cuireann tairbhí na gníomhaíochta coirp ó rothaíocht

cosc ar 4 bás luath gach bliain

3 in 2023

a bhfuil luach

€27.1 milliún air

€20.8 milliún in 2023

Bunaithe ar Uirlis Measúnaithe Eacnamaíoch Sláinte (HEAT) de chuid an EDS/na hEorpa, lena n-éascaítear measúnú eacnamaíoch ar na tairbhí sláinte a bhaineann le rothaíocht trí luach an laghdaithe ar bhásanna a eascraíonn as méideanna sonracha rothaíochta a mheas.

Sábhálann sé sin

€530,000 in aghaidh

na bliana do FSS

€420,000 in 2023

Coibhéiseach le costas

8,800 ar choinní dochtúra teaghlaigh

7,700 in 2023

Feabhsaíonn daoine a rothaíonn in ionad tiomáint a dhéanamh cáilíocht an aeir, rud a shábhálann:

3,800 kg de NO_x

(Ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine)

3,700 kg in 2023

agus

286 kg de cháithníní

(PM₁₀, lena gcuimsítear PM_{2.5}) gach bliain.

276 kg in 2023

Aontaíonn **95%** de na cónaitheoirí go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



92% in 2023

Cuidíonn rothaíocht le géarchéim na haeráide a mhaolú

Trí bheith rothaíocht in ionad tiomáint a dhéanamh, sábhálann cónaitheoirí

1,600 tona

d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain.

1,600 tona in 2023

Tá sé sin comhionann le lorg carbóin

14,000 duine ag dul ar eitiltí

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow, Londain.

In 2023, bhain **21.5%** d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann le hiompar, agus úsáid peitрил agus díosail in iompar bóthair na príomhfhoinsí.

Idir 1990 agus 2023, tháinig méadú **129.4%** ar astaíochtaí iompair.^[i]

i. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2023.

Coinníonn rothaíocht an ceantar ag bogadh

Léirítear le staidéar go mbíonn cuirtear spás ar na bóithre ar fáil trí shiúl nó rothlú i gcomparáid le tiomáint.^[ii] Cuidíonn sé seo leis an gceantar a choinneáil ag bogadh do gach úsáideoir bóthair.

Déanann cónaitheoirí

3,700 turais fillte

ar rothar gach lá, cónaitheoirí d'fhéadfadh carr a úsáid.

3,100 in 2023

Dá mbeadh na carranna sin go léir i mbrú tráchta, bheadh sé ina scuaine siar go dtí

18 ciliméadar

arb é sin coibhéis an achair ó Chathair na Gaillimhe go dtí An Spidéal.

15 ciliméadar in 2023

ii. Litman, 2023. Measúnú a dhéanamh ar Thionchair Úsáide Talún Iompair. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. Coincheap maidir le hAm-Ceantar.

Réitigh siúl agus rothlaithe

Cad a chuideodh le siúl agus rothlú a dhéanamh níos éasca?



Ba chóir go mbeadh seirbhísí agus saoráidí laistigh d'achar siúl agus rothlaithe ag tithe nua agus ag pobail atá ann cheana

Trí shiúl agus rothlú a chur i gcroílár pobal nua agus pobal atá ann cheana, tugtar rogha iompair níos fearr do dhaoine, agus laghdaítear spleáchas ar charranna.

Aontaíonn

68%

díobh gur féidir leo dul go héasca chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint

73% in 2023

Tacaíonn

83%

díobh le tús áite a thabhairt d'fhorbairtí tithíochta nua a thacaíonn le siúl, rothlú, rothaíocht nó úsáid iompair phoiblí

Is féidir le forbairtí nua agus pobail atá ann cheana tacú le siúl agus rothlú trína chinntiú go bhfuil go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine le fáil gar don áit ina bhfuil cónaí orthu.

Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh níos mó saoráidí agus seirbhísí áitiúla úsáideach dóibh chun cuidiú leo siúl nó rothlú a dhéanamh níos mó?

67%

níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar dá dteach

67% in 2023

69%

níos mó seirbhísí rialtais, amhail clinicí dochtúra agus scoileanna, gar dá dteach

62% in 2023

74%

níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar dá dteach

69% in 2023

72%


níos mó rudaí le feiceáil agus le déanamh gar dá dteach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta

71% in 2023

Ba mhaith le cónaitheoirí go mbeadh siúl agus rothlú ag teacht níos fearr le busanna

Cé gur cheart go mbeadh siúl agus rothlú ar an rogha is mealltaí maidir le turais ghairide, ba cheart an rogha sin a chomhtháthú le hiompar poiblí le haghaidh turais níos faide freisin.

Is í úsáid bus an cineál taistil ilmhódaigh is coitianta ar fud na hÉireann, agus braitheann formhór na dturas bus ar shiúl agus ar rothlú. Dúirt cónaitheoirí linn go bhfuil feabhsuithe praiticiúla de dhíth orthu chun na modhanna iompair sin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.



Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh na hathruithe sin úsáideach dóibh le cuidiú leo turais a dhéanamh lena n-áirítear siúl nó rothlú agus an bus níos minice?

78%

tuilleadh eolais chun cuidiú leo turas a phleanáil agus a dhéanamh (amhail aipeanna, léarscáileanna, comharthaíocht nó foireann iompair phoiblí)

80%

níos mó bealaí díreacha siúl agus rothlaithe ó eastáit tithíochta go stadanna bus

80%

bealaí siúl agus rothaíochta inrochtana go stadanna bus agus ar ais

80%

sábháilteacht fheabhsaithe agus tú agus daoine ag siúl agus ag rothlú go stad bus agus ar ais

81%

saoráidí trasnaithe siúl agus rothlaithe feabhsaithe in aice le stadanna bus

83%

stadanna bus feabhsaithe (amhail iad a bheith inrochtana, solas maith iontu, dea-bhail orthu, clúdach ón mbáisteach, taispeáint faisnéise seirbhíse)

Ba mhaith le cónaitheoirí sráideanna níos fearr

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus lenár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáilteach agus compordach do gach duine chun siúl nó rothlú isteach iontu.

Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh na hathruithe sin leo siúl nó rothlú níos mó?

74%

cosáin níos leithne
74% in 2023

73%

trasrianta bóthair
níos minice, agus
hamanna feithimh
laghdaithe
70% in 2023

76%

áiteanna níos
deise feadh na
sráideanna chun
stopadh agus
scíth a ligean acu,
amhail níos mó
binsí, crann agus
scáthlán
75% in 2023

77%

inrochtaineacht
níos fearr ar
chosáin, amhail
dromchlaí
cothroma agus
colbhaí íslithe ag
pointí trasnaithe
76% in 2023

73%

níos lú carranna
páirceáilte ar an
gcosán
73% in 2023

61%


níos lú eagla
roimh choireacht
nó iompar
frithshóisialta ina
gceantar
59% in 2023

Sa cheantar, do gach bóthar a chruthaíonn acomhal le soilse tráchtá

tá trasrian coisithe ag **84%** díobh



níl trasrian coisithe ag **16%** díobh



Mar shampla, bíonn trí bhóthar ar acomhal-T a chomhdhéanann an t-acomhal, agus bíonn ceithre cinn i gcrosbhóthar.



Richard Manton

Tá cosáin siúil agus rothaíochta iontach don chomhshaol, don tsláinte agus don fholláine. Ós rud é go bhfuilim i mo chónaí sa Cheann Thiar agus ag obair san ollscoil, siúlaim feadh Chanáil Eglinton gach lá.

A bhuí leis an uasghrádú le déanaí, lena n-áirítear trasrianta síogacha an bealach ar fad ó Shráid Dhoiminic go Wards, tá an tsiúlóid suaimhneach agus saor ó bhuaire. Is deas an rud é comharthaíocht dhátheangach ar chonair an uiscebhealaigh freisin – bí ag faire amach don madra uisce!

Ag an Ardeaglais, is féidir liom casadh ar dheis chun dul trasna Dhroichead an Dóchais,

an droichead nua do choisithe agus do rothaithe, agus dul isteach i gcroílár na cathrach atá do choisithe amháin agus isteach sa stáisiún traenach is fearr suite in Éirinn. Nó is féidir liom dul trasna an bhóthair agus dul isteach in Ollscoil na Gaillimhe, an campas ollscoile is inbhuanaithe in Éirinn ina bhfuil cosán bithéagsúlachta álainn cois abhann an bealach ar fad go dtí An Daingean.

Cé go ndearnadh go leor feabhsuithe le blianta beaga anuas, tá níos mó glasbhealaí, lánaí rothaíochta, uasghráduithe ar chosáin agus acomhail shábháilte fós ag teastáil uainn chun níos mó daoine a spreagadh chun dul ag siúl agus ag rothaíocht.

Réitigh rothaíochta

Cad a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

Is mian le go leor cónaitheoirí rothaíocht a dhéanamh

Tá fonn mór ann tosú ag rothaíocht i measc cónaitheoirí nach bhfuil ag rothaíocht cheana féin.

Chun freastal ar an éileamh sin ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht, ag cinntiú go bhfuil spás tiomnaithe ag daoine le haghaidh rothaíochta, chomh maith le tacú le rochtain ar rothar, oiliúint, páirceáil rothar, agus rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin maidir le rothaíocht?


Ní rothaíonn siad agus ní mian leo: **42%**
39% in 2023

Rothaíonn siad go minic: **17%**
16% in 2023

Rothaíonn siad ó am go chéile: **13%**
12% in 2023

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh uirthi: **7%**
6% in 2023

Ní rothaíonn siad ach ba mhaith leo: **21%**
27% in 2023



Cén cion de chónaitheoirí a dúirt nach 'rothaíonn siad ach gur mhaith leo'

23% de mhná

29% in 2023

32% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

37% in 2023

15% de dhaoine faoi mhíchumas

14% in 2023

Tá níos mó tacaíochta ag teastáil ó chónaitheoirí chun rothaíocht a dhéanamh

Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh an cineál sin tacaíochta leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht a dhéanamh níos mó?

53%

rochtain ar rothar
58% in 2023

51%

rochtain ar rothar leictreach
41% in 2023

35%

rochtain ar rothar lastais ar a bhfuil spás chun leanaí nó siopadóireacht a iompar
24% in 2023

26%

rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó rothar láimhe
19% in 2023

53%

rochtain nó feabhsuithe ar scéim um rothair ar cíos sa chathair
53% in 2023

55%

rochtain ar pháirceáil shlán do rothair sa bhaile nó in aice leis
49% in 2023

51%

cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe
54% in 2023

Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar do dhaoine fásta

47% de chónaitheoirí

48% in 2023

31% den ghrúpa socheacnamaíoch DE

45% in 2023

47% den ghrúpa socheacnamaíoch AB

51% in 2023

**Ba mhaith le
cónaitheoirí bonneagar
rothaíochta feabhsaithe**

Tá líonraí cosán rothaíochta tiomnaithe agus sábháilte, páirceáil rothar agus comhtháthú níos fearr le hiompar poiblí ag teastáil ó dhaoine.

Sa cheantar, tá:

Cén céatadán de chónaitheoirí a chuideofaí leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht níos mó a dhéanamh dá mbeadh saoraidí níos fearr ann?

I measc na gcónaitheoirí:

Tá

9% de theaghlach

laistigh de 125 méadar ó chosáin rothaíochta gan thrácht ar shiúl ón mbóthar, nó ó chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

10 km

de chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar

4 km

de chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

67%

níos mó cosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

70% in 2023

67%

níos mó cosáin rothaíochta feadh bóithre atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe

69% in 2023

66%

níos mó bealaí rothaíochta áitiúla ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine

67% in 2023

Tá

10 km

de chosáin rothaíochta sa cheantar ar chomhchéim leis an gcosán, agus tá siad idirdhealaithe de dromchla difriúil

38

spás páirceála rothair trasna 3 stáisiún iarnróid agus bus

61%

naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil rothar shlán ag stáisiúin traenach, stadanna/stáisiúin bus

59% in 2023

Tacaíonn

91%

le cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair sa cheantar áitiúil a fheabhsú agus a mhéadú

Tacaíonn

82%

le níos mó cosáin rothaíochta a thógáil atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre

88% in 2023

Tacaíonn

91%

le rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú



Áine Carroll

Tugann rothaíocht saoirse dom, bainim an-sult aisti agus coinníonn sí gníomhach mé. Mar phinsinéir ar mo Rothar Leictreach, is féidir liom dul ag rothaíocht go héasca, le haghaidh siopadóireachta, coinní, agus chun mo gharpháistí a bhailiú. Ceanglaíonn sé mé le mo phobal - deirim 'Heileo' agus mé ag dul thart. Ní bhím buartha faoi pháirceáil ná trácht. Ceapaimse go bhfuil rothaíocht glan, iontaofa agus neamhdhióbhlach don chomhshaol. Is breá liom an fheidhmiúlacht a bhaineann léi. Níl tú ag páirceáil, níl tú ag cuardach spáis ná ag íoc as spás.

Tá rudaí beaga an-tábhachtach do rothaithe nó d'aon duine atá ag taisteal go gníomhach. Bhí cosán beag ar a bhfuil gairbhéal sclagach ag deireadh Bhóthar na Díge, chun ceangal le Wood Quay. D'iarramar ar an gcomhairle é a dheisiú agus a athdhromchlú, agus rinne siad jab iontach. Bhí tionchar iontach ag beagán tarmac, agus anois is féidir le cathaoir rothaí é a úsáid fiú.

Réitigh chomharsanachta

Áiteanna rathúla, ag díriú ar leanaí

Ba chóir do chomharsanachtaí tús áite a thabhairt do riachtanais agus folláine na ndaoine a chónaíonn ansin agus a thugann cuairt air. Ba chóir iad a phleanáil chun tacú leis an bpobal, ceangal sóisialta a chothú, agus a bheith in áiteanna ina mothaíonn gach duine ar a suaimhneas. Má dheartar comharsanachtaí agus leanaí á gcur san áireamh, oibreoidh siad níos fearr do chách.

An turas ar scoil a fheabhsú

Tá scoileanna i gcroílár go leor comharsanachtaí agus ba chóir go mbeadh siad mar chuid d'aon phlean a bhaineann le comharsanachtaí a fheabhsú.

Ciallaíonn sé sin oibriú le scoileanna chun siúl, rothlú agus rothaíocht a spreagadh, ach feabhas a chur ar an gcomharsanacht timpeall ar scoileanna freisin chun trácht a laghdú agus cosáin, pointí trasnaithe agus soláthar rothaíochta a fheabhsú.

Tacaíonn **65%** leis

Tá **24%** ina choinne

sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéim Sráideanna Scoile ag

1 scoil

sa cheantar

1 scoil in 2023

Tacaíonn **86%** leis

Tá **7%** ina choinne

luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tugtar 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' orthu sin.^[i]

Tá 13 scoil

sa chlár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile

i. Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile críosanna scoile ildaite sainiúla a sholáthar ag tosach scoileanna chun tús áite a thabhairt do leanaí a bhíonn ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, chun cosc a chur ar fhágáil feithiclí, agus chun trasrianta agus naisc thábhachtacha a fheabhsú do leanaí a roghnaíonn taisteal gníomhach.

An neamhspleáchas a thabhairt do leanaí chun bheith ag fánaíocht, ag súgradh agus ag forbairt

Ba chóir do chomharsanachtaí a bheith ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Is féidir le comharsanachtaí atá deartha go maith saoirse a thabhairt do leanaí bogadh timpeall, bheith ag súgradh agus ag sóisialú, rud a chuideoidh le neamhspleáchas, scileanna sóisialta agus uathriail leanaí.

An mheánaois nuair a ligfeadh tuismitheoirí agus cúramóirí do leanaí taisteal go neamhspleách ina gcomharsanacht

12 bliain d'aois

le siúl nó rothlú

13 bliain d'aois

le rothaíocht a dhéanamh

14 bliain d'aois

chun iompar poiblí a úsáid

Aontaíonn

88%

go bhfuil spás ann do leanaí chun sóisialú agus súgradh

91% in 2023

Tá níos lú páistí ag súgradh amuigh ar a sráideanna ná riamh. Ní dúirt ach **27%** de leanaí go mbíonn siad ag súgradh lasmuigh dá dtithe go rialta, i gcomparáid le **71%** díobh siúd a rugadh idir 1946 agus 1964.

Suirbhé feachtais 'Summer of Play', Save the Children, 2022.



Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí

Tacaíonn daoine fásta le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe tráchta agus bearta chun tréthracht agus luas tráchta a laghdú, ach ní mór é sin a dhéanamh go cothrom.

Ceapann

62%

de chónaitheoirí nach é feithiclí mótaí atá ag bogadh nó páirceáilte an ghné is suntasaí ina sráideanna

65% in 2023

Tacaíonn

84%

le spriocanna laghdaithe tráchta a leagan síos agus beart a dhéanamh chun iad sin a bhaint amach

79% in 2023

Tacaíonn

79%

le comharsanachtaí íseal-tráchta
87% in 2023

Níl aon rud ann chun cosc a chur ar thrácht tríd an gceantar ar

13%

d'fhad iomlán na mbóithre neamhaicmithe sa cheantar. D'fhéadfadh cóngar sciurde a bheith mar thoradh air seo.^[ii]

12% in 2023

Bheadh níos lú mótarfheithicilí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:

66% siúl nó rothlú níos mó



59% níos mó rothaíocht a dhéanamh



Tacaíonn

77%

le luasteorainneacha a laghdú ar bhóithre áitiúla i limistéir faoi fhoirgnimh go luasteorainneacha 30 km/u

Ba chóir go mbeadh trácht ag taisteal ag luasanna faoi bhun 30 km/u ar

23%

de shráideanna an cheantair de ghnáth (gan mótarbhealaí san áireamh)

Bheadh níos mó sráideanna le luasteorainneacha 30 km/u úsáideach do chónaitheoirí chun:

65% siúl nó rothlú níos mó



56% níos mó rothaíocht a dhéanamh



Ba chóir go mbeadh gach duine ar a suaimhneas ina gcomharsanacht féin

Le feabhsuithe ar chomharsanachtaí, ba chóir riachtanais daoine fásta a aithint freisin, mar shampla mná, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh.

Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta

95%

de na cónaitheoirí ar fad



93% in 2023

Aontaíonn

84%

go mbíonn siad ag comhrá go rialta lena gcomharsana, níos mó ná díreach heileo a rá

83% in 2023

95% de mhná



93% in 2023

94% d'fhir



94% in 2023

94% de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha



94% in 2023

95% de dhaoine geala



93% in 2023

85% de dhaoine faoi mhíchumas



91% in 2023

95% de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas



93% in 2023

95% den ghrúpa socheacnamaíoch DE



93% in 2023

91% den ghrúpa socheacnamaíoch AB



91% in 2023

ii. Bunaithe ar anailís le CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad na bóithre beaga ísealúsáide na bóithre sin a aicmítear mar 'bhóithre beaga níos lú suntasach' ar OpenStreetMap.



An ceantar a fhorbairt

Siúl, rothlú agus rothaíocht a fheabhsú

Réamh-mheastar sa Chreat Náisiúnta Pleanála go dtiocfaidh méadú 50-60% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte faoi 2040, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar bhonneagar iompair go mór.

Tá brú tráchta ag dul i bhfeidhm ar an gcaighdeán beatha, ar shábháilteacht, ar an gcomhshaol agus ar ról eacnamaíoch na Gaillimhe i Réigiún an Iarthair le fada an lá. Síneann an tionchar sin isteach sa chontae níos leithne mar gheall ar dhaonra mór comaitéirí.

Tá Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe tiomanta d'aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe, go háirithe taisteal gníomhach. Ó bhí 2021 ann, tá foirne tiomnaithe Taistil Ghníomhaigh bunaithe ag an dá chomhairle, agus is ar na tionscadail sin a phleanáil agus a chur i gcrích a dhíríonn an fhoireann amháin.

Tá os cionn €57 milliún infheistithe i dtionscnaimh taistil ghníomhaigh ó bhí 2019 ann, lena n-áirítear os cionn €46 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), €3.5 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus €7.6 milliún ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU). A bhuí leis sin, bhíothas ábalta bonneagar siúil agus rothaíochta nua agus feabhsaithe, bealaí scoile níos sábháilte agus feabhsuithe ar an réimse poiblí a fhorbairt atá dírithe ar roghanna taistil ísealcharbóin níos sláintiúla a spreagadh.

Tá Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe tiomanta d'aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe, go háirithe taisteal gníomhach.



Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton

Le Scéim Taistil Ghníomhaigh Chanáil Eglinton, a osclaíodh i mí na Bealtaine 2024, rinneadh uasghrádú ar 880m de chosáin chun tacú le siúl, rothaíocht agus tiomáint shábháilte i gCeann Thiar na Gaillimhe. Gabhann an bealach ó Bhóthar an Athar Uí Ghríofa go Bóthar na hOllscoile agus áirítear leis athdhromchlú, trasrianta síogacha, agus maolú tráchta. Cuirtear feabhas leis ar an rochtain ar Ardeaglais na Gaillimhe, Ollscoil na Gaillimhe, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, lár na cathrach, agus an An Póirse Caoch.



Droichead Wolfe Tone II

Le tionscadal Dhroichead Coisithe Wolfe Tone II, a críochnaíodh i mí na Bealtaine 2024, soláthraíodh cosán starmhaide nua ar thaobh theas an droichid atá ann cheana – ceann de na trasnuithe is gnóthaí ar Abhainn na Gaillimhe. Mar an gcéanna leis an síneadh thuaidh in 2004, cuireann sé bealach sábháilte, scartha ar fáil do choisithe agus cuireann sé radhairc áille ar Ché an Chladaigh agus ar an bPóirse Caoch ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon.



Uasghrádú ar Acomhal an Chorráin/Bhóthar na Mara

Leis an tionscadal seo, rinneadh uasghráduithe tábhachtacha chun sábháilteacht, inrochtaineacht agus an comhshaol a fheabhsú. Le cláir ardaithe agus acomhail chúngaithe, maolaítear an trácht agus giorraíonn siad trasrianta. Le cosán nua nasctar an stad bus leis an Ionad Leighis, agus le gairdíní báistí agus plandáil feabhsaítear bainistíocht agus aeistéitíc an uisce stoirme. Cuireadh feabhas ar shábháilteacht coisithe le trasrianta nua, mullaird sábháilteachta, agus marcanna soiléire in aice le Scoil Fhursa ar Ascaill an Athar Uí Ghríofa agus ar an gCorrán.




Scéim Líonra Raonta Rothar Bhóthar Theas Dhabhach Uisce

Le Scéim Líonra Raonta Rothar Bhóthar Theas Dhabhach Uisce, a osclaíodh i mí Feabhra 2024, soláthraítear saoráidí rothaíochta agus siúil sábháilte, scartha ar feadh an bhealaigh a nascann Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath le Bóthar an Chósta. Cé nach raibh bonneagar ann roimhe seo, tá lánaí rothaíochta, cosáin, trasrianta coisithe, cosáin leanúnacha, agus acomhail athdheartha sa cheantar anois chun luas feithiclí a laghdú – rud a fheabhsaíonn rochtain ar limistéir chónaithe, mhiondíola agus áineasa in aice láimhe do dhaoine a bhíonn ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht.

Ag breathnú chun cinn

Áiteanna agus sráideanna níos fearr do chách



Líonra Raonta Rothar Bhóthar Stiofáin

Bealach 870 m is ea Scéim Líonra Raonta Rothar Bhóthar Stiofáin a nascann príomhcheantair chónaithe, oideachais agus tráchtála in iarthar Chathair na Gaillimhe. Tá rianta rothar ardaithe agus trasrianta síogacha ann, agus tá sé mar aidhm leis sábháilteacht a fheabhsú, luasanna a laghdú agus taisteal gníomhach a chur chun cinn.

Tá an obair thógála ar an tionscadal sin ar siúl.

Scéim Raonta Rothar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair (BDI)

Tá sé beartaithe leis an tionscadal bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, rud a chruthóidh bealach níos sábháilte agus níos mealltaí do gach úsáideoir. Áirítear leis an tionscadal lánaí rothaíochta uasghrádaithe, feabhsuithe ar shábháilteacht ag cúig thimpeallán, agus tacaíonn sé le fíс Straitéis Iompair na Gaillimhe maidir le Bóthar Dáileacháin an Iarthair a bheith mar Phríomhbhealach Rothaíochta. Fuarthas cead pleanála don tionscadal sin i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus tá sé ag dul chun cinn i dtreo na tógála, a thosóidh in 2026.

Scéim Líonra Raonta Rothar Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin

Leis an scéim sin, soláthrófar 2.5 km de bhealach sábháilte, mealltach do rothaithe agus do choisithe feadh Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin. Áirítear leis sin rianta rothar agus cosáin chosanta 2 mhéadar, carrbhealaí cúngaithe, tranrianta ardaithe agus soilsithe coisithe, uasghráduithe ar acomhail, agus tírdhreachú. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sábháilteacht a fheabhsú, luasanna a laghdú, agus siúl agus rothaíocht a spreagadh. Cuireadh tús leis an tógáil i mí Feabhra 2025 agus tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe i ráithe 3 de 2026.

BusConnects na Gaillimhe


Beidh tionscadail an Naisc Traschathrach agus Bhóthar Bhaile Átha Cliath bunathraitheach do bhusiompar i nGaillimh. Leis an dá thionscadal, cruthófar conairí tiomnaithe d'iompar poiblí agus do rothaithe, rud a chuirfidh turais níos tapúla, níos

Céatadán na gcónaitheoirí ar mian leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ina gceantar áitiúil:


66% ar shiúl agus rothlú



64% ar rothaíocht



69% ar bhusanna



63% ar thraenacha



55% ar chineálacha eile iompair phoiblí



41% ar thiomáint



Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sábháilteacht a fheabhsú, luasanna a laghdú, agus siúl agus rothaíocht a spreagadh.

sábháilte agus níos compordaí ar fáil do gach úsáideoir bus, siúlóir, rothlaithe agus rothaithe.

Sráidbhaile Órán Mór go Stáisiún Traenach Órán Mór

Tá scéim á forbairt ag Comhairle Contae na Gaillimhe chun nascacht fheabhsaithe a sholáthar idir Sráidbhaile Órán Mór agus Stáisiún Traenach Órán Mór. Tá an stáisiún suite laistigh de 2km ó lár bhaile Órán Mór agus cuireann sé seirbhís iontaofa agus rialta ar fáil do chomaitéirí go Cathair na Gaillimhe. Trí bhonneagar nua rothaíochta a sholáthar agus nascacht choisithe a fheabhsú ó Órán Mór agus ceantar an Gharráin atá ag leathnú go tapa go dtí an stáisiún traenach, cuirfidh sé le tarraingteacht úsáid na traenach do chomaitéirí isteach go Cathair na Gaillimhe.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun oibre leis An Taisce, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le scoileanna ar fud na Gaillimhe d'fhonn scéimeanna Bealaí Sábháilte chun na Scoile a chur chun cinn. Tá na hoibreacha curtha i gcrích ag Scoil Fhursa, Nile Lodge. Chomh maith leis sin, tá tionscnamh um Shráid

na Scoile i bhfeidhm i Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán ó bhí 2021 ann, agus tá sé sin tacaíthe ag oibreacha buana a críochnaíodh in 2024.

I measc na scoileanna eile i gCathair na Gaillimhe ar éirigh leo ina n-iarratas chun leas a bhaint as cuid de na Bealaí Sábháilte chun na Scoile tá:

- Scoil Chaitríona, An Rinn Mhór
- Coláiste Iognáid, Br. Na Mara
- Gaelscoil Dara, Renmore
- Scoil Náisiúnta 'Ag Foghlaim le Chéile' na Gaillimhe
- Meánscoil Choláiste Éinde
- SN Naomh Eoin an tAspal, Cnoc na Cathrach
- Scoil Náisiúnta Phádraig, Cathair na Gaillimhe

Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun oibre leis An Taisce, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le trí scoil in Órán Mór (laistigh de GMA) Babhta 1 de SRTS Órán Mór: Coláiste Calasanctius, Gaelscoil de hÍde agus Scoil Iósaif Naofa a bhfuil sé beartaithe iad a thógáil i 2026.



Tanushree Yadav

Is é siúl an bealach is ansa liom le dul timpeall i gcónaí. Ó bhog mé go Gaillimh, is cuid de mo ghnáthamh laethúil é - bíodh sé sin nuair atá sos á ghlacadh agam ón scáileán, ag déanamh teachtaireachtaí, nó ag dul chuig an ollscoil. Tugann sé mothú saoirse agus soiléireachta dom. Úsáidim é go minic chun mé féin a athnuachan agus chun sonraí caolchúiseacha ach fíoráille na cathrach a thógáil isteach.

Agus mé ag siúl feadh bhrúach na habhann nó trasna na ndroichead, mothaím socair suaimhneach – tá an radharcra socair agus cuireann an ghaoth leis an eispéireas.

Gach Satharn, glacaim páirt i siúlóid/rith 5km, rud a chuidíonn liom coinneáil gníomhach agus a mhothú go bhfuil mé mar chuid den phobal.

Ach tá dúshláin ann fós. Tá cuid de na siúlbealaí míchothrom nó cúng, agus d'fhéadfadh sé a bheith contúirteach dul trasna bóithre gnóthacha. Chuideodh trasrianta níos fearr, soilsiú agus bealaí dea-shainithe le cathair níos sábháilte, níos insiúlta agus níos nasctha do chách a dhéanamh de Ghailimh.

Nótaí ar mhodheolaíocht

Ba é an chuideachta taighde neamhspleách Ipsos B&A a rinne an suirbhé o thaobh dearcaidh ó Aibreán go Lúnasa 2025 (Aibreán go hlúil 2023).

Tá an suirbhé ionadaíoch do chónaitheoirí uile Cheantar Cathrach na Gaillimh, ní iad siúd a shiúlann, a rothlaíonn nó a rothaíonn amháin.

Fuarthas na sonraí eile go léir ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus áitiúla, ó thacair sonraí náisiúnta rinne Walk Wheel Cycle Trust iad a shamhaltú nó a ríomh. Tá na sonraí uile a fuarthas go háitiúil ceart amhail ón 28 Bealtaine 2025.

Úsáideann meastacháin turas samhail arna forbairt ag Walk Wheel Cycle Trust. Agus comparáid á déanamh le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt difríochtaí a bheith ann i gcion na dturas a rinneadh de réir chuspóir an turais.

Áirítear turais rothaíochta sna meastacháin turas anois mar chuid den obair do 2025 agus 2023 araon. Rinneadh meastacháin samhla 2023 a foilsíodh roimhe seo a athrú chun iad sin a chur san áireamh agus chun comparáid dhíreach a éascú agus ag baint úsáid as roinnt sonraí ionchuir éagsúla ó fhoinsí níos láidre. Bhí tionchar aige sin freisin ar mheastacháin ar thurais siúil ó 2023 ar aghaidh.

Baineadh úsáid as slánú ar fud na tuarascála. In go leor cásanna, rinneamar slánú go dtí an tslánúimhir is gaire. Seachnaítear slánú i gcás ina bhféadfadh sé sin mearbhall a chruthú, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a thaispeántar sna rannóga achoimre agus tairbhí.

Tá tuilleadh eolais faoi fhoinsí sonraí agus ríomhanna, lena n-áirítear láidreachtaí agus teorainneacha an tsuirbhé agus modheolaíocht samhla le fáil ag www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index

Is a bhuí leis an gcarthanas Walk Wheel Cycle Trust gur féidir le gach duine siúl, rothlú agus rothaíocht a dhéanamh.

Mar gheall go n-athraíonn gluaiseacht faoi chumhacht na ndaoine gach rud. Ár sláinte. Ár bhfolláine. Ár ndomhan.

www.walkwheelcycletrust.org.uk

Maoiniú agus tacaíocht

Tá maoiniú agus tacaíocht tugtha ag an Údarás Iompair Náisiúnta i leith Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach na Gaillimhe. Tá an tionscadal comhordaithe ag Walk Wheel Cycle Trust agus tá tacaíocht faighte ina leith ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust in Éirinn (20206824), i Sasana agus in Cymru (326550), agus in Albain (SC039263).

© Walk Wheel Cycle Trust Márta 2026

© Photos: Xposure, seachas seatanna cinn ar leathanach: Murtography; leathanach 7: Cloe Benson/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 9: Peter O'Connor/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 15: Richard Manton/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 17: Áine Carroll/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 21: An tÚdarás Náisiúnta Iompair; leathanach 23: Tanushree Yadav/Walk Wheel Cycle Trust